# An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Ráiteas Straitéise

## 2017-2020



An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: Ráiteas Straitéise 2017-2020

*Tá áthas orm Ráiteas Straitéise na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don tréimhse 2017-2019 a chur i láthair. Leagtar amach sa doiciméad na tosaíochtaí atá againn, conas a chomhlíonfaidh an Rialtas a ghealltanais dár saoránaigh, agus cén chaoi a gcuirfimid lenár dtionchar ar fud an domhain.*

*Gné thábhachtach dár gcuid oibre is ea an ról lárnach atá againn i bhfreagra na hÉireann ar an mBreatimeacht, ag obair le Roinn an Taoisigh agus le Ranna eile chun féachaint chuige go gcuirfear leasanna na hÉireann chun cinn agus go gcosnófar iad, go háirithe an próiseas síochána i dTuaisceart Éireann. Leanfaimid orainn lenár n-iarrachtaí an caidreamh polaitiúil, geilleagrach agus cultúrtha is fearr is féidir a bhaint amach idir Éire agus an Bhreatain agus idir an Bhreatain agus an tAontas Eorpach. Táimid fós meáite ar neartú a dhéanamh ar ionad na hÉireann ag croílár an Aontais Eorpaigh, chun leasa ár saoránach.*

*Baineann tábhacht níos mó agus níos mó lenár mbeartas eachtrach mar bhealach chun féachaint chuige go mbeidh an tír agus ár saoránaigh slán sábháilte agus go n-éireoidh go geal leo. Baineann dúshlán go fóill leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta ina mbímid ag obair agus tá sé seasta ag athrú. Is gá don tír seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go huaillmhianach, dícheallach. Tá sé de chúram ar ár gcuid Misean thar lear Éire a chur chun cinn, margaí agus deiseanna nua a aithint do ghnó na hÉireann, agus saoránaigh Éireannacha a chosaint agus tacú leo. Tosaíocht eile dár gcuid is ea an obair a dhéanaimid ar mhaithe leis an bhforbairt idirnáisiúnta, ar saintréith de rannpháirtíocht idirnáisiúnta na hÉireann í, á treisiú ag tiomantas an Rialtais don sprioc a bhaint amach faoina gcaithfear 0.7% den ollioncam náisiúnta ar chomhar forbartha thar lear, agus ag an obair a dhéanaimid chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.*

*Léiríonn ár mbeartas eachtrach go leor faoin gcineál daoine muid féin, agus is é sin an fáth go bhfuil mé tiomanta do shuíochán a fháil ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don seisiún 2021-2022. Tá an ceapadh beartais fréamhaithe sa tiomantas atá againn do chothú na síochána, cearta an duine, dí-armáil, forbairt inbhuanaithe agus timpeallacht idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, agus is ar na téamaí sin a bheidh ár bhfeachtas bunaithe.*

*Táim ag tnúth le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe, Ciarán Cannon, T.D., an tAire Stáit um Ghnóthaí Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, agus Helen McEntee T.D., an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, le comhghleacaithe ar fud an Rialtais agus le foireann chumasach mo Roinne féin sa bhaile agus thar lear chun na tosaíochtaí sin a chomhlíonadh sna blianta atá romhainn.*

*Simon Coveney T.D.*

*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*

**Ár gCuid Luachanna Eagraíochtúla**

**É**agsúlacht; **I**onracas; **C**eannaireacht; **S**eirbhís; **B**arr Feabhais

## Ráiteas Misin

**Is é an misean atá ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ná freastal ar mhuintir na hÉireann, a gcuid luachanna agus an rath atá orthu a chur chun cinn thar lear, agus an cumas, an anailís agus an tionchar a sholáthar don Rialtas lena chinntiú go mbainfidh Éire an leas is mó as gach réimse rannpháirtíochta seachtraí dá cuid.**

*Beidh dúshláin nua le sárú ag an Roinn sa tréimhse atá romhainn, beidh deiseanna nua le tapú aici, agus beidh tosaíochtaí nua aici. Léirítear sa Ráiteas Straitéise seo na tosaíochtaí sin agus conas a chomhlíonfaimid na gealltanais a rinneamar faoin gClár don Rialtas Comhpháirtíochta, lena n-áirítear an ról lárnach atá againn sa chaibidlíocht faoin mBreatimeacht agus uaillmhianta an Rialtais maidir le Lorg Domhanda na hÉireann.*

*Is iad na daoine an acmhainn is mó dár gcuid agus aithnímid go mbeidh ról lárnach acu maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach. Cibé acu an bhfuil cúnamh consalachta éigeandála á thabhairt acu do shaoránaigh Éireannacha thar lear; an bhfuil siad i mbun caibidlíochta ar son ár gcuid leasanna agus luachanna ríthábhachtacha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh nó na Náisiún Aontaithe; an bhfuil siad ag cabhrú le cuideachtaí Éireannacha deiseanna nua a thapú, nó ag cur le hiomrá na hÉireann thar lear, tá an teacht aniar atá inár mbaill foirne ar fud an domhain, a gcumas agus a ndíograis ina chúis bhróid don Roinn. I mo cháil mar Ard-Rúnaí, táim tiomanta dá chinntiú go dtacóimid lenár mbaill foirne agus go gcuideoimid leo forbairt a dhéanamh ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach.*

*Beidh roinnt dúshlán idirnáisiúnta agus domhanda ar leith le sárú againn sa tréimhse atá romhainn agus coinneoidh an Roinn leis an ról ríthábhachtach atá aici ag tacú leis an Rialtas agus leis an Oireachtas, go háirithe maidir le dul chun cinn chuig an chéad chéim eile den Bhreatimeacht. Ina theannta sin, toisc go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas cur leis an Lorg Domhanda atá againn agus 6 Mhisean taidhleoireachta nua a oscailt sa tréimhse 2018-2019, leagfar freagracht mhór ar an Roinn agus beidh gá againn le nuálaíocht agus solúbthacht.*

*In 2019, beidh sé á cheiliúradh againn go mbeidh 100 bliain imithe tharainn ó bunaíodh an Roinn seo agus beartas eachtrach na hÉireann. Deis ar leith a bheith ansin chun machnamh a dhéanamh ar an gcion atá déanta againn agus ar an mian atá againn a bheith ar an tseirbhís bheag eachtrach is éifeachtaí ar domhan. Tá ár ndúshlán á chur is táimid ag glacadh go fonnmhar leis sin.*

*Niall Burgess*

*An tArd-Rúnaí, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*

## Spriocanna

*Cad iad na haidhmeanna atá againn?*

## Torthaí

*Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2020?*

## Tosaíochtaí i dtaobh Aschur

*Cad a dhéanfaimid in 2017, 2018, 2019 agus 2020?*

### Muintir na hÉireann

**Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus athmhuintearas agus comhar a chur chun cinn**

**Toradh:** Síocháin bhuan agus athmhuintearas feabhsaithe i dTuaisceart Éireann, feabhas ar an gcomhar Thuaidh-Theas, agus bearta chun maolú a dhéanamh ar aon drochthionchar a bheadh ag cinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil

Beidh tiomantas an Rialtais do sheasamh le gnéithe agus institiúidí uile Chomhaontú Aoine an Chéasta á léiriú go soiléir le linn na caibidlíochta faoin mBreatimeacht.

Déanfar dul chun cinn leanúnach maidir le feidhmiú na gComhaontuithe uile, lena n-áirítear na hinstitiúidí oidhreachta a chur chun cinn; chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh leis na rúin Dála sa réimse sin.

Tabharfar tacaíocht do bhreis is 100 eagraíocht in aghaidh na bliana, idir eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí pobail, trí Chiste Athmhuintearais na Roinne; leanfar ar aghaidh le clár Cuimhneacháin atá tuisceanach, cuimsitheach.

Tionólfar breis is 25 cruinniú in aghaidh na bliana den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas chun leathnú agus treisiú a dhéanamh ar an gcomhar geilleagrach agus sóisialta trasteorann.

**Toradh:** Seirbhísí pas agus seirbhísí consalachta neartaithe dár gcuid saoránach lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá acu

Eiseofar níos mó pasanna tríd an tseirbhís athnuachana ar líne agus cuirfear i bhfeidhm tionscnaimh bhreise mar chuid de Chlár Athchóirithe Sheirbhís na bPasanna, lena n-áirítear feabhas ar an gcumas cur i gcoinne na calaoise.

Tabharfar cúnamh tráthúil cuí do shaoránaigh leochaileacha thar lear; déanfar neartú ar an ullmhacht i leith géarchéimeanna agus ar an gcumas freagartha maidir le héigeandálaí consalachta thar lear.

**Toradh:** Tacaíocht dár n-eisimircigh agus rannpháirtíocht leis an diaspóra chun ár dtairbhe araon

Cuirfear i bhfeidhm na moltaí ón Athbhreithniú ar Bheartas an Rialtais i leith an Diaspóra agus na cláir ghaolmhara in 2017, lena n-áirítear ó thaobh an Rialtais uile.

Beidh an Roinn rannpháirteach sa Reifreann atá beartaithe ar chead vótála don diaspóra.

Tacófar le breis is 200 eagraíocht in aghaidh na bliana tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach chun cuidiú le heisimircigh Éireannacha agus pobail eisimirceach, agus chun rannpháirtíocht agus nuálaíocht a spreagadh i measc an diaspóra ina dtíortha féin.

Beimid i mbun rannpháirtíocht agus abhcóideacht ghníomhach leis na Stáit Aontaithe maidir le hathchóiriú ar chúrsaí inimirce agus saincheisteanna gaolmhara trí bhealaí taidhleoireachta agus bealaí eile Rialtais.

# Spriocanna

*Cad iad na haidhmeanna atá againn?*

# Torthaí

*Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2020?*

# Tosaíochtaí i dtaobh Aschur

*Cad a dhéanfaimid in 2017, 2018, 2019 agus 2020?*

## Ár nIonad san Eoraip

## Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn

| Torthaí | Tosaíochtaí i dtaobh Aschur |
|---|---|
| Cosnófar leasanna na hÉireann le linn na caibidlíochta ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe san am atá le teacht | Beidh leasanna ríthábhachtacha na hÉireann maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta, Tuaisceart Éireann agus an comhar Thuaidh/Theas, lena n-áirítear an teorainn, fós ina dtosaíochtaí sa chaibidlíocht faoin mBreatimeacht.<br><br>Beidh an Roinn i mbun caibidlíocht eolasach chomhleanúnach ar son na hÉireann, lena n-áirítear trí chomhordú a dhéanamh ar fud an rialtais agus trí theagmháil leanúnach le Tascfhórsa Barnier.<br><br>Tacóidh an Roinn le feidhmiú éifeachtach Choiste Comh-Aireachta C (an tAontas Eorpach lena n-áirítear an Breatimeacht). |
| Beidh ról iomlán ag Éirinn maidir le forbairt an Aontais Eorpaigh amach anseo, agus ár leasanna á gcur chun cinn agus á gcosaint againn sa chaibidlíocht faoi dhlí an Aontais agus faoi chinntí eile | Le tacaíocht ó na misin, eagróimid clár struchtúrtha cuairteanna oifigiúla a thabharfaidh Airí agus oifigigh shinsearacha ar thíortha eile san Aontas, rud a dhéanfaidh neartú ar ár dtionchar agus ár gcaidreamh san Aontas.<br><br>Déanfaimid cumarsáid spriocdhírithe, tháirgiúil le gach páirtí leasmhar sa bhaile maidir le tosaíochtaí na hÉireann i leith an Aontais Eorpaigh agus a ról ann feasta.<br><br>Déanfaimid anailís ar leasanna tosaíochta na hÉireann i dtodhchaí an Aontais agus cuirfimid in iúl iad.<br><br>Soláthróimid anailís, tuarascálacha, tograí agus faisnéis ardchaighdeáin, i réimsí lena n-áirítear an t-athrú aeráide, imirce, bearta frithsceimhlitheoireachta, comhbheartais slándála agus cosanta, agus poist agus infheistíocht.<br><br>Tacóimid leis an Taoiseach agus na hAirí maidir lena rannpháirtíocht sa Chomhairle Eorpach, go háirithe tríd an mBuanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach, agus glacfaimid páirt éifeachtach i níos mó ná 4,000 cruinniú idir oifigigh gach bliain. |
| Beidh neart buan le sonrú sa chaidreamh eadrainn féin agus an Ríocht Aontaithe, ina léireofar an ceangal – polaitiúil, geilleagrach agus idir na daoine féin – is bonn leis an gcomhpháirtíocht ar leith eadrainn | Cothóimid caidreamh láidir leis an Roinn um Fhágáil an Aontais Eorpaigh sa Ríocht Aontaithe, lena hOifig Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais, le hOifig Thuaisceart Éireann agus le Ranna cuí eile ar fud na caibidlíochta faoin mBreatimeacht.<br><br>Déanfaimid neartú ar an gcaidreamh Thoir-Thiar trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus trí chaidreamh le húdaráis chineachta.<br><br>Beidh rannpháirtíocht éifeachtach againn le córas polaitiúil na Breataine chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn. |
| Déanfaimid cion mór maidir le cur chun feidhme bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh agus maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil i gcomharsanacht na hEorpa | Beidh Éire ag tacú le ról níos láidre don Aontas Eorpach i bPróiseas Síochána an Mheánoirthir, lena n-áirítear trí bhreis Éireannach a chur chuig an réigiún, agus seasfaidh sí lenár luachanna agus ár leasanna i bhfeidhmiú Straitéis Dhomhanda an Aontais.<br><br>Beidh Éire ag déanamh saothrú gníomhach ar a cuid luachanna agus leasanna beartais eachtraigh ag Comhairle Gnóthaí Eachtracha an Aontais Eorpaigh, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus i gComhairle na hEorpa, agus déanfaidh sí iarracht réitigh thaidhleoireachta a fháil ar ghéarchéimeanna agus ar choinbhleachtaí. |

## Spriocanna

*Cad iad na haidhmeanna atá againn?*

## Torthaí

*Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2020?*

## Tosaíochtaí i dtaobh Aschur

*Cad a dhéanfaimid in 2017, 2018, 2019 agus 2020?*

**Ár gCuid Luachanna**

**A bheith ag obair ar mhaithe le domhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe**

### Domhan níos Sábháilte: Timpeallacht idirnáisiúnta atá seasmhach, daingean agus bunaithe ar rialacha

- Feachtas éifeachtach a chur ar bun i gcomhair suíochán ar Chomhairle Slándála na NA 2021-22
- Tá luachanna agus leasanna na hÉireann ina ngné lárnach de fhreagra an Aontais Eorpaigh ar shíocháin agus slándáil; cothóimid caidreamh láidir freisin le príomh-chomhpháirtithe faoin ngníomhaíocht iltaobhach i gcásanna ina bhfuil ár luachanna agus ár gcuspóirí ag teacht go dlúth le chéile, rud a neartóidh agus a threiseoidh an caidreamh eadrainn.
- Toisc gur tír muid atá neodrach i gcúrsaí míleata agus a bhfuil taithí againn ar chothú na síochána, féadfar an-aird a thabhairt ar Éirinn agus í ag tacú le hidirphlé ar mhaithe le coinbhleachtaí a réiteach agus leis an athmhuintearas a chur chun cinn tar éis coinbhleachtaí.
- Tá ról láidir abhcóideachta ag Éirinn maidir le dí-armáil, neamh-iomadú agus rialú airm, lena n-áirítear ár dtéarma a chur i gcrích mar Chomh-Chathaoirleach ar an Réimeas um Rialú Teicneolaíochta Diúracán, tacú le teacht i bhfeidhm luath an Chonartha ar Thoirmeasc ar Airm Núicléacha, agus cion láidir maidir le Timthriallta Athbhreithnithe an Chonartha in aghaidh Iomadú Núicléach 2020.
- Cur le beartas comhtháite an Rialtais maidir le himirce

### Domhan níos Córa: Cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar bhonn idirnáisiúnta

- Cearta an duine, comhionannas, an smacht reachta agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn ag na Náisiúin Aontaithe, san Aontas Eorpach, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, i gComhairle na hEorpa, ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus inár rannpháirtíocht dhéthaobhach
- Tacaíocht do shaoirsí na sochaí sibhialta agus don obair a dhéanann cosantóirí chearta an duine
- Feidhmiú an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine; Feidhmiú an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

### Domhan níos Cothroime: Dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus an ocras, agus fás geilleagrach cuimsitheach a chur chun cinn

- Treochlár i leith sprioc na Náisiún Aontaithe i ndáil le 0.7% den ollioncam náisiúnta a thabhairt mar chúnamh oifigiúil forbartha
- Beartais éifeachtacha agus maoiniú spriocdhírithe maidir le laghdú na bochtaineachta, agus cláir ocrais agus chothaithe, lena n-áirítear cláir forbartha talmhaíochta, inár dtíortha comhpháirtíochta san Afraic agus in Oirdheisceart na hÁise
- Tacaíocht do chórais agus seirbhísí níos láidre agus níos cuntasaí inár dtíortha comhpháirtíochta san Afraic agus in Oirdheisceart na hÁise
- Cúnamh daonnúil ar bhonn prionsabal agus cothú na hathléimneachta dóibh siúd is mó atá i ngátar

### Domhan níos Inbhuanaithe: Creat nua um fhorbairt inbhuanaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, le slándáil bia agus le fadhbanna a bhaineann leo sin

- Bearta forbartha spriocdhírithe agus rannpháirtíocht bheartais chun comhlíonadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain; rannpháirtíocht ghníomhach sa chomhordú ar fud an Rialtais maidir le feidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sa tír seo
- Tacú le méadú ar scála an mhaoinithe aeráide, agus beartas láidir a fhorbairt ar fud an Rialtais i dtaobh an athraithe aeráide

## Spriocanna

*Cad iad na haidhmeanna atá againn?*

## Torthaí

*Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2020?*

## Tosaíochtaí i dtaobh Aschur

*Cad a dhéanfaimid in 2017, 2018, 2019 agus 2020?*

**Ár Rathúnas**

**Cur le rathúnas na hÉireann trínár gcuid leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear**

Cion éifeachtach a dhéanamh i leith na spriocanna uile-Rialtais maidir le poist a chruthú, onnmhairí, fiontraíocht agus turasóireacht agus oideachas in Éirinn, agus an obair sin a bheith bunaithe ar chaidreamh láidir déthaobhach thar lear

- An straitéis trádála 'Ireland Connected' a chur chun feidhme, ag tabhairt le chéile an cion a dhéanann Líonra na Misean agus na Gníomhaireachtaí Stáit
- A bheith i gceannas ar fhoirne margaí áitiúla agus ar an gComhairle Trádála Easpórtála
- Foireann na hÉireann a neartú sa bhaile agus thar lear chun dul i bhfód ar an margadh agus éagsúlú an mhargaidh a chur chun cinn, lena n-áirítear trí Mhisin nua a bhunú i margaí tábhachtacha
- Feidhmiú Straitéisí uile-Rialtais lena leagfar amach cur chuige straitéiseach na hÉireann i leith an chaidrimh eadrainn féin agus na Stáit Aontaithe, Ceanada agus Meiriceá Laidineach agus na tíortha i réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin.
- Gealltanais a chomhlíonadh faoin bPlean Gníomhaíochta um Phoist agus IFS 2020

Tuiscint láidir a bheith ar Éirinn thar lear mar áit chuairte, oibre, infheistíochta agus staidéir.

- Tacaíocht le haghaidh cuairteanna faoi threoir Airí i gcomhair Lá Fhéile Pádraig chun an tír agus an trádáil léi a chur chun cinn, agus le haghaidh clár bliantúil láidir, comhordaithe de chuairteanna Airí chun neartú a dhéanamh ar naisc atá againn le tíortha eile agus naisc nua a chothú ar fud margaí éagsúla
- Teachtaireachtaí tábhachtacha faoi gheilleagar, beartais agus luachana na hÉireann á gcur in iúl ar fud an domhain ag Airí agus Misin do theagmhálaithe ardleibhéil i réimsí an ghnó, na polaitíochta agus na meán

Cion láidir a dhéanamh chun cur le hiomrá na hÉireann agus an dea-cháil atá orainn a chothú thar lear

- Tacaíocht agus maoiniú le haghaidh feachtais agus obair for-rochtana a dhéanann Misin chun ár gcultúr agus ár gcruthaitheacht a chur chun cinn thar lear, ar mhaithe le cur le hiomrá na hÉireann agus cur leis an dea-cháil atá orainn thar lear

## Spriocanna

*Cad iad na haidhmeanna atá againn?*

## Torthaí

*Cad a bhainfimid amach faoin mbliain 2020?*

## Tosaíochtaí i dtaobh Aschur

*Cad a dhéanfaimid in 2017, 2018, 2019 agus 2020?*

**Ár dTionchar**

**Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach**

### Seirbhís a sholáthar don Rialtas agus do na saoránaigh, a oireann d'athruithe agus do dhúshláin sa tír seo agus ar domhan

Neartú ar chumas agus ar ghastacht na Misean agus na gCeanncheathrúna (breis is 80 díobh) dár gcuid, a chuireann lenár gcaidreamh déthaobhach agus iltaobhach agus a leathnaíonn tionchar domhanda na hÉireann

Beidh sé Mhisean nua á n-oscailt agus beidh siad faoi lán seoil sa tréimhse 2018-2019; ról ceannaireachta maidir le cruth a chur ar uaillmhianta na hÉireann do chlár an Rialtais um Lorg Domhanda 2025

Seirbhís atá dírithe ar chustaiméirí, agus í á spreagadh ag an gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, ag an gClár um Athchóiriú Pasanna, agus trí Straitéis Chonsalachta nua a fhoilsiú

### Meitheal ghairmiúil, chumasach i dtimpeallacht dhearfach oibre

Timpeallacht oibre ina bhfuil béim ar dhínit agus ar mheas, agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus forbairt tosaíochtaí nua i dtaobh comhionannais agus éagsúlachta

Cleachtais bhainistíochta éifeachtacha, cultúr slándála feabhsaithe, agus cumarsáid inmheánach

Cur i bhfeidhm Straitéis Acmhainní Daonna nua, arna comhlánú ag pleanáil straitéiseach an fhórsa saothair, a chuideoidh le rannpháirtíocht, dea-bhail agus feidhmíocht na foirne a spreagadh

Plean oiliúna a chothóidh foirne cumasacha solúbtha, sa bhaile agus thar lear

Straitéis agus plean gníomhaíochta nua TFC chomh maith le haschur éifeachtach ón Tascfhórsa um Bainistíocht Eolais agus Nuálaíochta, lena gcumasófar an nuálaíocht agus soláthar seirbhísí digiteacha

### Roinn atá oscailte agus cuntasach agus a chomhlíonann an dea-chleachtas sa rialachas

Freastal ar na riachtanais atá ag saoránaigh ó thaobh faisnéise agus seirbhísí poiblí eile trí dhea-chumarsáid agus trí láithreacht dhigiteach éifeachtach, mar atá sonraithe sa Straitéis Chumarsáide nua

Maoirseacht láidir ar bhuiséad na Roinne, lena n-áirítear caiteachas ar an gcúnamh oifigiúil forbartha

Ceannaireacht éifeachtúil, treoir straitéiseach, agus bainistíocht riosca arna soláthar ag Bord Bainistíochta, ag teacht lenár gCreat Rialachais Chorparáidigh

Comhlíonadh éifeachtach ar ár n-oibleagáidí comhlíonta corparáideacha, lena n-áirítear i ndáil leis an nGaeilge, Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, bainistíocht taifead agus cearta an duine agus comhionannas

Cion gníomhach, mar aon lenár gcomhpháirtithe sa Rialtas, a dhéanamh ar mhaithe leis an gclár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí

| Acmhainní | Straitéisí 2017-2019 | Próisis Rialachais |
|---|---|---|
| Baill Foirne RGET | Straitéise Acmhainní Daonna | Bord Bainistíochta |
| Cumas TFC | Straitéis TFC | An Fo-choiste um Chomhionannas Inscne, Comhionannas agus Éagsúlacht |
| Cumas Bainistíochta Réadmhaoine | Straitéis Chumarsáide | Tascfhórsa um Bainistíocht Eolais agus Nuálaíocht |
| Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha | Straitéisí Réigiúnacha | Pleanáil Ghnó agus Bainistíocht Riosca |
| Líonra Éireannaigh an Domhain | Straitéis Chonsalachta | Athbhreithnithe i dtaobh Luach ar Airgead, Measúnachtaí, Iniúchtaí, agus |
| Ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta | Straitéis Trádála, Turasóireacht, agus Infheistíochta | Athbhreithnithe ar Mhisin |
| agus sa tsochaí shibhialta | An Clár um Athchóiriú Pasanna | An Bord um Athchóiriú Pasanna |

# Aguisín 1 – Comhpháirtithe Straitéiseacha Tábhachtacha RGET sa Rialtas

| SPRIOC | TORADH | COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA TÁBHACHTACHA | COMHAR |
|---|---|---|---|
| **Muintir na hÉireann** | Síocháin bhuan agus athmhuintearas feabhsaithe i dTuaisceart Éireann agus feabhas ar an gcomhar Thuaidh-Theas, lena ndéanfar maolú ar aon tionchar diúltach de bharr chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil. | **Roinn an Taoisigh, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus gach Roinn agus Oifig Rialtais** | Dlúthchomhordú agus dlúthchomhar le Ranna eile chun cur chuige uile-Rialtais a chinntiú i dtaobh chur chun feidhme na gComhaontuithe i dTuaisceart Éireann, i dtaobh réitigh inbhuanaithe a fháil i gcomhthéacs an Bhreatimeachta, agus i dtaobh comhar feabhsaithe Thuaidh-Theas a spreagadh, lena n-áirítear tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas.<br>A bheith ag obair chun tacú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le comhaontuithe síochána i dTuaisceart Éireann.<br>Ag obair di lenár gcomhpháirtithe Rialtais, leagfaidh an Roinn agus líonra na Misean béim ar ócáidí cuimhneacháin lena n-áirítear Cath Messines, deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda, agus an Chéad Dáil. In 2019 beidh sé á cheiliúradh ag an Roinn go mbeidh céad bliain imithe tharainn ó bunaíodh í. |
| | Soláthrófar seirbhísí neartaithe pas agus consalachta dár gcuid saoránach lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá acu | **An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Airgeadais**<br><br>**An Roinn Cosanta**<br><br>**An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** | Comhar maidir le feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí agus ar an gcumas cur in aghaidh na calaoise. Rannpháirtíocht sa chlár oibre aitheantais ar fud an Rialtais.<br><br>Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha ina ball de Thascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála, agus freagrachtaí uirthi lena n-áirítear freastal ar éigeandálaí thar lear a théann i bhfeidhm ar shaoránaigh Éireannacha agus ar eachtraí éigeandála a éilíonn cabhair dhaonnúil maidir le bainistíocht tubaiste<br><br>Comhar maidir le huchtú ó thar lear, lena n-áirítear ar leibhéal na Misean. |
| | Tabharfaimid tacaíocht dár n-eisimircigh agus beimid i dteagmháil leis an diaspóra chun ár dtairbhe araon | **Áras an Uachtaráin, Roinn an Taoisigh agus gach Roinn agus Oifig Rialtais, Údaráis Áitiúla**<br><br>**An Roinn Oideachais** | A bheith ag obair ar bhonn tras-Rialtais ar chur chun feidhme na ngealltanas nár comhlíonadh go fóill i mBeartas Diaspóra an Rialtais agus bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar an mbeartas sin.<br>Dul i gcomhairle le Ranna comhpháirtíochta lena chinntiú go mbeidh ról láidir ábhartha acu i bhFóram Saoránachta Éireannaigh an Domhain in 2017 agus i bhFóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain.<br>A bheith ag obair le húdaráis áitiúla chun an rannpháirtíocht leis an diaspóra a fhorbairt sna ceantair éagsúla ar fud na hÉireann.<br><br>Cur i gcrích na mbeart atá sonraithe i Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear an ceangal le céimithe agus diaspóra na hÉireann a chothú. |

| SPRIOC | TORADH | COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA TÁBHACHTACHA | COMHAR |
|---|---|---|---|
| **Ár nIonad san Eoraip** | Leasanna na hÉireann a chosaint le linn na caibidlíochta ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe san am atá le teacht | **Roinn an Taoisigh agus Ranna agus Oifigí eile a bhfuil baint mhór acu leis an Aontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Rialtas na Breataine. Rialtais Bhallstáit eile an Aontais agus Institiúidí an Aontais. Feidhmeannas Thuaisceart Éireann.** | Beidh príomhról ag RGET, ag obair di le Roinn an Taoisigh agus Ranna eile, maidir le cuspóirí na hÉireann a leagan síos agus a chomhlíonadh. Beidh an Cheanncheathrú agus na Misin ag obair chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh trí pháirt a ghlacadh i gcaibidlíocht agus trí theagmháil leanúnach le Rialtais eile, le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh, agus le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann. Déanfaidh na Misin anailís agus tuairisciú rialta chun cur lenár dtuiscint ar an dul chun cinn i leith na caibidlíochta agus ar thuairimí na gcomhpháirtithe. |
| | Beidh ról iomlán ag Éirinn maidir le forbairt an Aontais Eorpaigh amach anseo, agus ár leasanna á gcur chun cinn agus á gcosaint againn sa chaibidlíocht faoi dhlí an Aontais agus faoi chinntí eile | **Na Ranna agus na hOifigí Rialtais go léir** | Déanfaidh RGET comhordú ar bheartas foriomlán na hÉireann i leith an Aontais Eorpaigh, ag obair di le Roinn an Taoisigh agus leis na Ranna eile go léir. I gcomhar leis an mBuanionadaíocht sa Bhruiséil go háirithe, beidh sí ag iarraidh a chinntiú go bhfuil leasanna na hÉireann á gcur chun cinn agus á gcosaint i gcaibidlíocht an Aontais Eorpaigh ar gach leibhéal. Leanfaidh líonra na Misean ar aghaidh ag obair chuige sin ar fud Bhallstáit an Aontais. |
| | | **Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais, agus Ranna agus Oifigí eile a bhfuil baint mhór acu leis an Aontas Eorpach, mar aon le gníomhaithe ón tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe atá ar aon intinn linn** | Comhoibriú le comhpháirtithe straitéiseacha chun leasanna agus tosaíochtaí na hÉireann maidir leis an bhforbairt a thiocfaidh ar an Aontas Eorpach a aithint agus a chur chun cinn i gcaibidlíocht ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann. |
| | Neart buan a bheith le sonrú sa chaidreamh déthaobhach eadrainn féin agus an Ríocht Aontaithe, ina léireofar an ceangal – idir naisc pholaitiúla, naisc gheilleagracha agus naisc idir na daoine féin – is bonn leis an gcomhpháirtíocht ar leith eadrainn | **Roinn an Taoisigh agus gach Roinn agus Oifig Rialtais** | Tabharfaidh RGET agus ár líonra Misean tús áite do neartú a dhéanamh ar an gcaidreamh déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe agus le húdaráis chineachta, agus do réitigh inbhuanaithe a aimsiú i gcomhthéacs an Bhreatimeachta. |
| | Cion mór a dhéanamh i dtaobh Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus i dtaobh na síochána agus na slándála i gcomharsanacht na hEorpa | **Roinn an Taoisigh, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Cosanta** | Leanfaidh RGET ar aghaidh ag cosaint leasanna agus luachanna na hÉireann ar fud ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh agus á gcur chun cinn, chomh maith lena chinntiú go léireofar tionchar na hÉireann i gceapadh Straitéis Dhomhanda an Aontais. |

| SPRIOC | TORADH | COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA TÁBHACHTACHA | COMHAR |
|---|---|---|---|
| **Ár gCuid Luachanna** | Domhan níos Córa: Cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar bhonn idirnáisiúnta | **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus gach Roinn Rialtais** | Tá RGET i gceannas ar an gCoiste Idir-Rannach ar Chearta an Duine a chuireann chun cinn an comhleanúnachas ar fud an Rialtais maidir le feidhmiú ár rannpháirtíochta seachtraí i ndáil le cearta an duine, go háirithe i bhfóraim iltaobhacha.<br><br>Ina theannta sin, tugann RGET tacaíocht do gach Roinn Rialtais atá freagrach as comhlíonadh ghealltanais na hÉireann i dtaobh cearta an duine ar domhan a chosaint. |
| | Domhan níos Sábháilte: Timpeallacht idirnáisiúnta atá seasmhach, daingean agus bunaithe ar rialacha | **An Roinn Cosanta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Roinn an Taoisigh agus gach Roinn Rialtais** | A bheith ag obair le Ranna chun cloí le cion láidir na hÉireann i dtaobh síocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus an smacht reachta, lena n-áirítear trí choimeád agus cothú na síochána. Dul i mbun plé le Ranna eile maidir le cloí le caighdeáin agus dualgais idirnáisiúnta agus cineálacha cur chuige comhordaithe a chumasú i ndáil le saincheisteanna leathana a éiríonn as fóraim de chuid na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar chur chun feidhme rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, seasaimh ar thionóil iltaobhacha chuí.<br><br>Coinneáil le cion láidir na hÉireann i leith na síochána agus na slándála idirnáisiúnta trí dhí-armáil, neamhleathadh arm agus rialú arm. |
| | | **An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Airgeadais, an Banc Ceannais** | Rannpháirtíocht i réimse na smachtbhannaí idirnáisiúnta, más cuí, chun tacú le comhlíonadh dualgas idirnáisiúnta. |
| | | **An Roinn Cosanta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Ard-Aighne** | Beidh an Roinn ag obair i dtreo daingniú a dhéanamh ar leasuithe Kampala ar reacht na Róimhe de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta ar choir na hionsaitheachta. |
| | Domhan níos Cothroime: Dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus an ocras, agus fás geilleagrach cuimsitheach a chur chun cinn | **An Roinn Airgeadais, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Roinn Sláinte** | Dlúthchomhordú le Ranna Rialtais chun comhtháthú beartais a chur chun cinn, go háirithe maidir lenár rannpháirtíocht san Aontas Eorpach, tiomantais faoi Chlár Oibre 2030, chomh maith le rannpháirtíocht na hÉireann le heagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. |
| | | **Na Coimisinéirí Ioncaim** | An acmhainn chánachais a chothú, de réir mar a éilítear faoi Thionscnamh Cánach Addis. |
| | Domhan níos Inbhuanaithe: Creat nua um fhorbairt inbhuanaithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, le slándáil bia agus le fadhbanna a bhaineann leo sin | **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Roinn an Taoisigh, an Roinn Airgeadais, gach Roinn Rialtais** | Beidh an Roinn i dteagmháil le gach Roinn Rialtais lena chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht láidir idirnáisiúnta ann i dtaobh Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, agus go gcuirfear chun feidhme ar shlí chomhleanúnach é sa tír seo.<br><br>Tacóidh an Roinn leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le cur le scála an mhaoinithe do chúrsaí aeráide. |
| | | **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Roinn an Taoisigh, gach Roinn Rialtais** | Beidh an Roinn, idir an Cheanncheathrú agus ár líonra Misean, ag cuidiú le hiarrachtaí tras-Rialtais chun freagairt láidir ar an ngéarchéim imirce a chinntiú. |

| SPRIOC | TORADH | COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA TÁBHACHTACHA | COMHAR |
|---|---|---|---|
| **Ár Rathúnas** | Cion éifeachtach a dhéanamh i leith na spriocanna uile-Rialtais maidir le poist a chruthú, onnmhairí, fiontraíocht agus turasóireacht agus oideachas in Éirinn, agus an obair sin a bheith bunaithe ar chaidreamh láidir déthaobhach thar lear | **Na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit go léir** | Tá an Roinn ag obair leis na Ranna agus na Gníomhaireachtaí go léir lena mbaineann chun 'Ireland Connected', an straitéis trádála agus infheistíochta uile-Rialtais, a chur i bhfeidhm agus tacaíonn sí le comhordú feabhsaithe na trádála ar fud an Rialtais trí ghrúpaí idir-rannach, grúpaí gníomhaireachtaí agus grúpaí inmheánacha de chuid na Roinne faoi chathaoirleacht an Rannáin Trádála, mar aon le hionchur ag Coiste Comh-Aireachta A agus ag an nGrúpa Oifigeach Sinsearach cuí, agus cuidiú le Meithleacha Oibre agus Coistí ábhartha idir-Roinne eile. Soláthraíonn RGET an Rúnaíocht don Chomhairle Trádála Easpórtála freisin.<br><br>Bíonn Misin thar lear i gceannas ar Fhoirne Margaí Áitiúla, ina dtugtar le chéile daoine tábhachtacha ón Roinn agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit chun cur chuige comhtháite a ghlacadh i dtaobh chur chun cinn na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta.<br><br>Comhordaíonn RGET teachtaireachtaí bolscaireachta leis na Ranna ar fad agus le gníomhaireachtaí cuí Stáit i margaí thar lear, go háirithe i rith thréimhse na Féile Pádraig. Tá ról comhordaithe ag RGET freisin maidir leis na Misin Trádála faoi stiúir Fhiontraíocht Éireann. Beidh ról tábhachtach ag an Roinn agus a cuid Misean maidir le tacú le cur chun feidhme na Straitéise Oideachais Idirnáisiúnta nua, chomh maith leis na gnéithe idirnáisiúnta de FoodWise 2025.<br><br>Trí Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas in Ard Mhacha, tacaíonn RGET freisin le comhar geilleagrach arna chur chun cinn ag an gComhairle sin agus ag na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh-Theas, agus leis an straitéis turasóireachta uile-Éireann atá á cur chun cinn ag Turasóireacht Éireann.<br><br>Téann an Roinn i gcomhairle le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann i dtaobh iarratais ar víosa. |
| | Tuiscint láidir idirnáisiúnta ar thiomantas na hÉireann don Aontas Eorpach agus ar a tiomantas i dtaobh timpeallacht a chothú atá báúil don ghnó | **Na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit go léir** | Tacaíonn RGET le líonra na Misean agus le Foirne Margaí Áitiúla maidir le príomhtheachtaireachtaí an Rialtais a chur in iúl don lucht éisteachta cuí thar lear i dtaobh trádála, infheistíochta agus cúinsí gnó. |
| | Ár gcultúr, ár n-ealaíona agus ár dtionscail chruthaitheachta a chur chun cinn trí líonra na Misean | **Roinn an Taoisigh, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Gníomhaireachtaí Stáit** | Tá an taidhleoireacht chultúrtha ina réimse oibre tábhachtach i gcás líonra na Misean. Bíonn an Roinn agus na Misin ag obair i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit agus le soláthraithe cultúir chun branda na hÉireann a chur in iúl go tréan thar lear. |

| SPRIOC | TORADH | COMHPHÁIRTITHE STRAITÉISEACHA TÁBHACHTACHA | COMHAR |
|---|---|---|---|
| **Ár dTionchar** | Seirbhís a sholáthar don Rialtas agus do na saoránaigh, a oireann d'athruithe agus do dhúshláin sa tír seo agus ar domhan | **Roinn an Taoisigh, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí Stáit go léir** | Déanfaidh an Roinn líonra na Misean a ghiaráil chun tacaíocht iomlán a thabhairt do thosaíochtaí an Rialtais thar lear.<br><br>Oibreoimid leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Ranna cuí eile lena chinntiú go gcuirfimid an dea-chleachtas i bhfeidhm i dtaobh seirbhís do chustaiméirí. |
| | | **An Roinn Airgeadas** | Beimid ag obair leis an Roinn Airgeadas lena chinntiú go gcloífear le rialacha fioscacha agus uasteorainneacha caiteachais arna leagan síos faoin gcreat fioscach. |
| | | **An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil** | Léireoimid ceannaireacht agus dea-shampla maidir le cuspóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide trí fheabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh sa Roinn agus a bheith ag obair ar mhaithe le comhlíonadh Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hÉireann don Earnáil Phoiblí<br><br>Féachfaimid chuige go gcomhlíonfaidh an Roinn an treoir ábhartha maidir le cosaint leanaí, lena n-áirítear an tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015. |
| | Meitheal ghairmiúil, chumasach i dtimpeallacht dhearfach oibre | **Roinn an Taoisigh, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig na nOibreacha Poiblí** | Agus é á chinntiú aici go mbeidh an dea-chleachtas á fheidhmiú inár gcuid beartas agus straitéisí oibríochta, rachaidh an Roinn i gcomhairle le páirtithe leasmhara cuí de chuid an Rialtais agus le hionadaithe foirne. |
| | | **An Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann** | Beimid ag obair leis an nGarda Síochána agus Óglaigh na hÉireann chun leibhéil chuí sábháilteachta agus slándála a chinntiú dár bhfoireann sa bhaile agus thar lear |
| | Roinn atá oscailte agus cuntasach agus a chomhlíonann an dea-chleachtas sa rialachas | **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na Coimisinéirí Ioncaim, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta agus gach Roinn Rialtais** | Beidh páirt ghníomhach ag RGET i dtionscnaimh maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Athnuachan na Státseirbhíse, trína rannpháirtíocht ar Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus i líonraí eile a bhíonn ag plé le hathchóiriú. Leanfar ag cloí le hoibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí beartais faoin gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís. |
| | | **An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta** | Leanfaidh RGET ar aghaidh ag obair lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus go gcuirfimid an Ghaeilge chun cinn inár gcuid seirbhísí agus inár dtaidhleoireacht phoiblí. |
| | | **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** | I gcomhlíonadh an dualgais atá ar an earnáil phoiblí fáil réidh le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála aghaidh ar chomhionannas inscne, ar chomhionannas agus ar éagsúlacht ina pleanáil straitéiseach, a beartais agus a cleachtais agus ina tuarascálacha bliantúla de réir mar is cuí dá feidhmeanna. |

## Iarscríbhinn 2 – Comhthéacs agus Cúlra

**Clár don Rialtas Comhpháirtíochta**

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo conas a chuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun feidhme na gealltanais a sannadh di faoin gClár don Rialtas Comhpháirtíochta. Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála atá freagrach as comhlíonadh na ngealltanas a bhaineann leis **an gcaidreamh eadrainn féin agus ár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, le hathmhuintearas agus comhar ar oileán na hÉireann, leis an ngeilleagar agus le cur chun feidhme chlár na hÉireann um chúnamh thar lear.** Tá liosta iomlán na nGealltanas in Iarscríbhinn 5.

Sna blianta amach romhainn, beidh obair na Roinne dírithe go mór ar chur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir leis an gcinneadh a rinne an Ríocht Aontaithe imeacht as an Aontas Eorpach, cibé acu ról na hÉireann a shainiú i gcomhthéacs nua an Aontais nó an caidreamh déthaobhach ar leith idir muid féin agus an Ríocht Aontaithe a chosaint agus a neartú ar fud raon ár rannpháirtíochta. I réimse **an gheilleagair**, beidh na gealltanais ag teacht le Plean Gníomhaíochta an Rialtais do Phoist, d'fhonn onnmhairí a mhéadú, agus tacú leis an nuálaíocht agus cuidiú le cuideachtaí Éireannacha dul i bhfód ar mhargaí nua thar lear. Tá sé fós ina thosaíocht lárnach ag an Roinn **an tsíocháin agus an t-athmhuintearas** a chur chun cinn ar oileán na hÉireann, an comhar Thuaidh-Theas a chothú agus a chinntiú go ndéanfar feidhmiú iomlán ar Chomhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe a bhaineann leis. Ina theannta sin, tá an Roinn freagrach as cur chun feidhme ghealltanais na hÉireann maidir le cur i gcoinne an ocrais agus na bochtaineachta ar domhan, lena n-áirítear cúnamh daonnúil a thabhairt. Leagfar béim ar Chlár Oibre 2030 (na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe) a chur chun feidhme sa tír seo agus ar fud an domhain. Tá freagrachtaí áirithe ar líonra na Misean i dtaobh tacaíocht a thabhairt do na Ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí ar fad atá ag comhlíonadh na ngealltanas a bhfuil gné idirnáisiúnta acu faoin gClár don Rialtas Comhpháirtíochta, agus i dtaobh an dea-cháil atá ar Éirinn mar chomhpháirtí uasal domhanda a choimeád.

**An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú agus Domhan Amháin, Todhchaí Amháin: Beartas na hÉireann maidir le Forbairt Idirnáisiúnta**

Is lárnach go fóill iad an tAthbhreithniú ar Bheartas Eachtrach an Rialtais *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú*, a foilsíodh i mí Eanáir 2015, agus beartas nua an Rialtais ar Fhorbairt Dhomhanda, *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2013, agus chuir na ráitis bheartais sin bonn eolais faoin Ráiteas Straitéise seo.

**Measúnacht ar Chearta an Duine agus Comhionannas agus Saincheisteanna ina dtaobh**

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2014), ní mór don Roinn seo aird a thabhairt ar an ngá atá le fáil réidh le leithcheal, cur chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas deiseanna agus ar chomhionannas sa chaoi ina gcaitear le baill foirne agus custaiméirí, agus cearta daonna na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint. Go luath in 2018, seolfaidh an Roinn an chéad mheasúnú dá cuid ar na saincheisteanna i dtaobh cearta daonna agus comhionannais a bhaineann lenár bhfeidhmeanna féin, mar atá leagtha amach san Acht. Sa mheasúnú sin, a bheidh bunaithe ar athbhreithniú ar an eagraíocht go léir, aithneofar gníomhaíochtaí praiticiúla a rachfar chun cinn leo in 2018 ag teacht leis an gceangal atá orainn faoin Acht.

## Iarscríbhinn 3 – Monatóireacht agus Athbhreithniú


Leagfar amach sa Ráiteas Straitéise seo na spriocanna ardleibhéil le haghaidh Pleananna Gnó agus Cláir Rioscaí bhliantúla ar fud na nAonad Gnó ar fad sa Roinn Gnóthaí Eachtracha in 2017, 2018, 2019 agus 2020. Tá feidhm aige sin maidir le Rannóga agus Aonaid Tosaigh sa cheanncheathrú agus i líonra na Misean. Léireofar na spriocanna ardleibhéil agus na torthaí ardleibhéil cuí i bPleannana Gnó aonair arna gceadú ag Bord Bainistíochta na Roinne lena chinntiú go mbeidh comhleanúnachas le sonrú ar fud obair na Roinne. Is ar bhonn na bPleananna Gnó sin a leagtar síos spriocanna agus a thugtar faoi bhainistíocht agus forbairt feidhmíochta i gcás na n-oifigeach ar fad sa Roinn.

Gheobhaidh an Bord Bainistíochta tuairiscí rialta ar phleanáil agus straitéis ghnó agus ar chur chun feidhme an Ráitis Straitéise. Éilítear ar na hAonaid Ghnó athbhreithnithe feidhmithe a chur i láthair i lár na bliana maidir lena bhfeidhmiú ar na Spriocanna agus na Torthaí ardleibhéil a bhaineann leo féin. Ansin ullmhaíonn an Roinn Tuarascáil Bhliantúil ina gcuirtear in iúl an méid a baineadh amach gach bliain ó thaobh na dTorthaí a aithníodh sa Ráiteas Straitéise seo.

Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála phríomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann lena lán de na hAschuir ardleibhéil sa Ráiteas Straitéise seo. Foilsítear roinnt de na táscairí sin sna Meastacháin bhliantúla do vótaí na Roinne, áirítear roinnt eile acu i bhfoilseacháin thráthrialta agus i bpreaseisiúintí amhail cinn ar staitisticí consalachta, pasanna agus trádála a fhoilsítear gach bliain. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair chun an tsraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta sin, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, a bheachtú. Tá an Roinn tiomanta dá chinntiú go mbeidh cuntasacht agus cur chuige oscailte i réim agus í ag plé leis an Oireachtas agus leis an bpobal. Tá sonraí iomlána ina leith sin, agus i leith struchtúr na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus sannadh na bhfreagrachtaí di, i gCreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne, a foilsíodh ar dtús in Aibreán 2016.

## Iarscríbhinn 4 – An Próiseas Comhairliúcháin

Chuathas i gcomhairle le daoine ar fud na Ranna Rialtais agus le baill den Oireachtas chun bonn eolais a chur faoi ullmhú an Ráitis Straitéise seo. Bhí dlúthbhaint ag Bord Bainistíochta na Roinne le dréachtú na straitéise agus tugadh an deis do gach ball foirne ionchur a bheith acu ina leith agus í á hullmhú. Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt le linn na tréimhse ullmhúcháin freisin. Chuathas i mbun comhairliúchán poiblí iomlán, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta, nuair a bhí na doiciméid *An tOileán Domhanda* agus *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin* á n-ullmhú.



## Iarscríbhinn 5 – Gealltanais a rinneadh faoin gclár don Rialtas comhpháirtíochta

- Comhlíonfaimid go gníomhach sainordú Rialtas na hÉireann inár gcáil mar chomhráthóir ar Chomhaontú Aoine an Chéasta agus, ag cur dúinn leis an dul chun cinn suntasach atá déanta cheana féin, comhlíonfaimid gealltanais a rinneadh faoi chomhaontuithe ina dhiaidh sin lena n-áirítear Comhaontú Theach Stormont 2014 agus an Comhaontú um Thús Nua 2015, atá ina gcreat nua polaitiúil, sóisialta agus geilleagrach do Thuaisceart Éireann.
- Leanfaimid ar aghaidh ag obair le Rialtas na Breataine agus le hÚdaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá chun tacú leis na Páirtithe Feidhmiúcháin i dTuaisceart Éireann maidir le comhlíonadh na ngealltanas faoi na Comhaontuithe sin.
- Agus aird againn i gcónaí sa chur chuige a ghlacaimid ar riachtanais na n-íospartach agus na marthanóirí, tógfaimid ar an dul chun cinn a rinneadh sna cainteanna le déanaí chun an creat institiúideach i dtaobh an ama atá caite a bhunú, mar a leagadh síos faoi Chomhaontú Teach Stormont.
- Féachfaimid go gníomhach le feidhmiú a dhéanamh ar na rúin Uile-Pháirtí Dála a ritheadh in 2008 agus 2011 maidir leis na heachtraí uafásacha buamála i mBaile Átha Cliath agus i Muineachán in 1974.
- Leanfaimid ar aghaidh ag tacú le grúpaí íospartach agus ag cur chun cinn an athmhuintearais i measc na bpobal ar an dá thaobh den teorainn ar ghoill an choinbhleacht go mór orthu, trí Chiste Athmhuintearais an Rialtais agus trí rannpháirtíocht na nAirí le hionadaithe ó thraidisiúin na bpobal éagsúil.
- Tacóimid le hiarrachtaí comhlíonadh a dhéanamh ar na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontuithe roimhe seo agus nár cuireadh chun feidhme go fóill, lena n-áirítear Fóram Comhairliúcháin Thuaidh-Theas a bhunú; fiosrúchán poiblí a bhunú faoi dhúnmharú Pat Finucane; agus Bille Ceart a fhógairt do Thuaisceart Éireann.
- Ag tógáil ar na cuairteanna stáit ar éirigh go geal leo in 2011 agus 2014, leanfaimid ar aghaidh ag feabhsú an chaidrimh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, trí Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus trí na cruinnithe mullaigh bliantúla idir an Taoiseach agus Príomh-Aire na Breataine. Neartóimid an comhar leis na húdaráis chineachta go léir.
- Méadóimid líon na misean trádála comhpháirtíochta Thuaidh-Theas chun deiseanna oibre nua a chruthú do dhaoine ar an dá thaobh den teorainn.
- Comhlíonfaimid na gealltanais a rinne Rialtas na hÉireann i gComhaontú Theach Stormont agus sa Chomhaontú um Thús Nua a mbeidh sé ina aidhm leo dlús a chur faoin bhfás geilleagrach san Iarthuaisceart trí thionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt, uasghrádú an bhóthair A5 agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chanáil Uladh. Leanfaimid ag forbairt Glasbhealaí agus Gormbhealaí trasteorann eile.
- Ag obair dúinn le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, tabharfaimid faoi athbhreithniú ar thionscadal Dhroichead Chaol Uisce chun roghanna a aithint i ndáil leis an bhforbairt amach anseo.
- Leanfaimid ar aghaidh ag cothú an chomhair Thuaidh-Theas, go háirithe trí chomhlachtaí trasteorann agus tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus tapóimid an deis a thugtar faoi Chomhaontú Theach Stormont chun réimsí nua comhair a fhorbairt i gcúrsaí amhail an trádáil, an tsláinte, an turasóireacht, an spórt agus an tslándáil.
- Is eol dúinn go n-imríonn an choimhlint fhoréigneach tionchar díréireach ar mhná agus ar chailíní, agus dá bhrí sin cinnteoimid go gcuirfear chun feidhme go tráthúil an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann ar Mhná, Síocháin agus Slándáil agus tacóimid le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun mná agus cailíní a chosaint i limistéir choimhlinte.
- Coinneoimid leis an ról gníomhach atá againn ag Comhairle Gnóthaí Eachtracha an Aontais Eorpaigh, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus trí na Náisiúin Aontaithe, agus muid ag iarraidh réitigh thaidhleoireachta a aimsiú ar ghéarchéimeanna agus ar choimhlint, go háirithe sa tSiria, san Iaráic, sa Libia, agus san Úcráin.
- Leanfaimid orainn ag tacú go gníomhach le ról níos láidre don Aontas Eorpach i bPróiseas Síochána an Mheánoirthir, próiseas nach bhfuil dul chun cinn ar bith á dhéanamh ina leith faoi láthair, agus seasfaimid leis an ngealltanas atá tugtha againn i ndáil le haitheantas a thabhairt do Stát na Palaistíne mar chuid de réiteach buan ar an gcoimhlint.

## Iarscríbhinn 5 – Gealltanais a rinneadh faoin gclár don Rialtas comhpháirtíochta

- Tá an radacú agus an sceimhlitheoireacht ina mbagairt ar ár sábháilteacht agus ar ár gcóras luachanna. Tacóimid le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe chun dul i ngleic leis an radacú lasmuigh de theorainneacha an Aontais trí bhearta ar nós a bheith ag obair le tríú tíortha chun stop a chur le réim na sceimhlitheoirí brúidiúla.
- Cuirfimid cearta bunúsacha, smacht reachta agus saoirse reiligiúin chun cinn agus tacóimid le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe stop a chur leis an ngéarleanúint ar mhionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha. Leanfaimid ar aghaidh ag cosaint chearta an duine agus á gcur chun cinn trí fhóraim iltaobhacha, agus ag tacú leis an obair a dhéanann Cosantóirí Chearta an Duine.
- Tá ár mballraíocht ghníomhach sna Náisiúin Aontaithe ina gné thábhachtach dár mbeartas eachtrach. Rachaimid i mbun feachtais agus muid ag iarraidh go dtoghfaí Éire chun suíochán neamhbhuan ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don téarma 2021-2022. Labhróimid amach ar son leasú a dhéanamh ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'fhonn cothromaíocht réigiúnach níos mó a bhaint amach i measc na mball.
- Agus muid ag cloí le hoidhreacht uasal na hÉireann, cinnteoimid go mbeidh príomhról ag Éirinn go fóill i dtaobh neamhleathadh arm núicléach agus rialú arm trí na Náisiúin Aontaithe agus san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip.
- Leanfaimid ar aghaidh ag cur misin trádála nua faoi stiúir aire ar bun. Leanfaimid ar aghaidh ag glacadh seasamh láidir chun ár leasanna ionsaitheacha agus cosanta a chosaint maidir le caibidlíocht trádála.
- Forbróimid Straitéis thras-earnálach nua ar fud an Rialtais i leith Réigiún na hÁise-an Aigéin Chiúin, trína dtabharfaimid aitheantas don neartú ar an ngaol idir Éire agus a lán tíortha sa réigiún sin.
- Forbróimid Straitéis do Chríocha Mheiriceá – straitéis thras-earnálach uile-rialtais nua – agus aird againn ar an gceangal láidir idir Éire agus tíortha ar fud mhór-roinn Mheiriceá, agus ar na deiseanna chun feabhas a chur ar an gcaidreamh eadrainn féin agus tíortha i Meiriceá Láir agus Meiriceá Theas agus i Réigiún Mhuir Chairib go háirithe. Cuirfimid borradh faoin trádáil le tíortha san Afraic.
- Déanfaimid measúnú ar líonra na misean taidhleoireachta lena chinntiú go bhfuil a leithead agus a dhoimhneacht i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha na hÉireann, d'fhonn leathnú a dhéanamh air ag teacht leis na straitéisí atá beartaithe do Réigiún na hÁise-an Aigéin Chiúin agus do Chríocha Mheiriceá.
- Leanfaimid orainn ag obair i ndlúthpháirt le heagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn agus thar lear lena chinntiú gur furasta a shroichfidh cistiú cúnaimh na hÉireann iad siúd atá i ngátar agus go mbeidh an tsolúbthacht ann ina leith chun déileáil le héigeandálaí agus tús áite á thabhairt an tráth céanna do thorthaí fadtéarmacha na gclár forbartha ag teacht le beartais forbartha idirnáisiúnta an Rialtais a foilsíodh in 2013, Domhan Amháin, Todhchaí Amháin.
- Rinne Éire, in éineacht leis an gCéinia, comh-éascú ar an gcaibidlíocht faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe nua ag na Náisiúin Aontaithe. Beimid ag obair chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun feidhme agus a bhfeidhmiú ar fud an domhain a chur chun cinn.
- Leanfaimid ar aghaidh leis an dul chun cinn i dtreo sprioc na Náisiún Aontaithe a bhaint amach i ndáil le 0.7% den olltáirgeacht náisiúnta a thabhairt mar chúnamh oifigiúil forbartha, faoi réir fáil a bheith ar acmhainní.
- Cinnteoimid maoirseacht láidir ar bhuiséad na hÉireann don chúnamh oifigiúil forbartha.
- Leanfaimid ar aghaidh leis an gclár oibre nuálaíochta ba chúis le tabhairt isteach an Chárta Pas in 2015.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

www.dfa.ie | @dfatIRL